

CROCHÚBHAIR A' DÁ CHAORA.

Séurd abhí gCrochúbhair mac bainntrighe, ní raibh ann ach a mháthair a bheath cruinnuighadh isteach aige, ní dheachaidh sé amach as a teach ariamh. Dhá chaora abhí acab. Tháinig a mháthair isteach ansoin tráthnóna, "caithfidh muid an chaora a thabhairt dhon righ" adeir sí. "Tuige" adeir adeir Crochúbhair. "Tá sé a cruinnuightheadh isteach" adeir sí an té nach bhfuil i ndon bó nó caora a thabhairt dhó caithfidh siad gé nó cearc a thabhairt dhó. "Caithfidh muid ceann dhe na caoire a thabhairt dhó." "Ní chialluighim é sin chor a bith" adeir sé. "Cuir isteach a' chaora" adeir sé "agus, agus marbhóchaidh muid fhéin í agus íosfaidh muid í." Tugadh isteach a' chaora ansoin agus sgearr a mhair sí dhó dhá marbhughadh 's dhá feanna 's dhá cur síos a bruth. Nuair abhí an chaora ite ansoin bhí siad ceart go leór.

"Sgearr go dtáinig an mháthair isteach aríst agus dubhairt sí gur dhubhairt an Rí an chaora eile a chur aige. "Níl chuirfidh muid" adeir sé "sgearr a mhairfidh sí dhúinn fhéin. Nuair a chuala an Rí go raibh an dara caora ite chuir sé fios ar Chrochúbhair. Nuair a tháinig an sgéula aige ansoin, "le thú mharbú atá sé" adeir an mhathair. "Ní sheadh" adeir sé. Deirigh sé suas ansoin agus tháinig an oiread méid eile ann agus nuair a dhírigh sé é fhéin gur chroch sé an cloigeann dhen teach. Bhual sé leis go dtáinig sé chomh fada leis a Rí agus nuair a chonaic an Rí é tháinig faitchios air roimhe agus ní raibh fhios aige céurd a dheanhadh sé agus ní dhearna sé ach a dhul chomh fada leis an sean fhear glic. "Bhfuil fhios a'd anois" adeir an sean fhear glic "tá sé sin laidir agus níl fhios a'd cé'n sórt duine tá ann go dtríailfluid tú é. Cuir ar an aonach amárach é agus abair leis a bheith ceannacht go dtaga tú fhéin ann agus go nócfaidh tú fhéin iad nuair thiocfas tú, ná teirigh thú fhéin ann chor a bith agus marbhó lucht an aonaigh ansoin é." D'ímtigh leis ansoin agus chuaidh sé chomh fada leis. "Tiocfaidh tú ar an aonach amarach a Chrochúbhair" adeir sé agus beidh tú a ceannacht bheithí go dteigh mise ann agus nuair a thiocfhas mise ann iocfaidh mé iad." Bhual Chrochúbhar leis agus chuaidh sé ar an aonach. Bhí díol agus ceannacht ann ach ní raibh mórán fios ag Chrochubhar faoi agus bhí sé a cinnt air aon cheann a cheannacht. Dubhairt duine eicint leis ansoin dá dtughadh sé níos mó airgid orrthab go bhfuigheadh sé iad. An chéud cheann a cheannuigh sé ansoin bhí chuile dhuine cruinnithe air ag iarra air a chuid fhéin a cheannacht nó go raibh gach a raibh ar an aonach ceannuithe aige nuair abhí ní raibh tada le na nóc aige. Thosuigh cuid acab ansoin a tabhairt a gcuid beithí leothab abhí saluithe aige-san. "Ó ná tugaí" adeir sé "ach tiubhara mise ag a Rí iad agus iocfha sé iad." 'Sgearr gur bhreathnuigh an Rí amach agus chonaic sé an taonach uilig a teacht agus Chrochúbhar 'un tosuigh orrthab.

Chuaidh sé chomh fada leis an sean fhear glic. "Céurd deir tú le Crochchúbhar atá a teacht" adeir sé "agus an taonach ar fad aige ,agus meas tú céurd dheanfheas mé." "Níl fhios amsa céurd a dheanfheas tú" adeir an sean fhear mar a bhfuil tú i ndon iad íoc." "Ní fheuidfhainn an méid úd íoc" adeir sé "nach bhfuil an taonach uilig aige." "Níl fhios amsa céurd a dheanfheas tú mar sin b'fheidir gun b'e nós a marbhóch sé siúd thú nuair a thiocfaidh sé." Nuair a tháinig Crochúbhar "gabh amach" adeir sé leis a Rí "agus bí ag íoc." Ó níl aon airgead am" adeir sé "ach abair leóthab iad thabhairt abhaile aríst agus rud a bith a iarrfhas tusa orm aríst go deo deanfaidh mé é." "Tugáí abhaile iad aríst" adeir Crochubhair "níl aon airgead ag a Rí. Ach seúrd tá mise iarra ortsá" adeir sé leis a Rí "mo mhathair a phósadh." "Pósfhadh" adeir a Rí.

Phós sé an mhathair ansoin agus bhí Crochúbhair an sin an aonfheacht leis a Rí sa gcúirt. Bhí an Rí ina dhiadh sin fhéin dhó bheo – fhianadh. Chuaidh sé chomh fada leis an sean fhear glic. "Bhoil" adeir sé "meas tú bhféudhfaidh mé cóir bháis a' bith a chur ar Chrochúbhair." Bféidir go bhféadfá " adeir an sean fhear glic. "Cuirfidh tú amáireach ina coille é agus triúr eile leis agus tiúbhraidh tú capall is carr do chaon dhuine acab agus déarfaidh tú le Crochúbhar an crann is mó atá sa gcoill a thabhairt agat, tá dragún faoi bhun an chrainn sin agus má theigheann sé a pléidh leis a dragún íosfaidh an dragún é." D'orduigh an Rí triúr carráraí a dhul ina choille lá'r na mháireach agus Crochúbhair agus dubhairt an Rí leis an triúr eile gan a dhul a bhfad isteach sa gcoill agus gan a thabhairt leóthab ach carranaí beaga agus a bheith ar ais go luath aige fhéin agus cead a thabhairt do Chrochúbhar a dhul isteach chomh fada leis a gcrann mór.

D'ímtigh leóthab agus chuaidh na carranaí eile amach luath sa lá agus níor chorrúigh Crochúbhar go raibh sé bhfad. Nuair a bhí sé dul isteach sa gcoill bhí na carranaí eile a teacht amach aige. Rug sé ar chloch mhór abhí ann agus leag sé treasna sa mbóthar í agus ní raibh ceann acab i ndan a dhul thairte. Bhí sé fhein i ndon a breith ar a chapall is ar a charr agus iad iompar thar a gloch. D'fhág sé na carranaí eile feistighthe. Chuaidh sé isteach sa gcoill chomh fada leis an gcrann mór agus tharraing sé é. Ar an bpointe is ar tharraing sé an crann d'eirigh dragún mór agus d'ith sé an capall. "Caithfidh tú fhéin an carr a tharraingt anois" adeir Crochúbhair leis an dragún. Cheangail sé an crann don dragún . B'éigin dó an chloch a thógáil uaidh na carranaí bhí siad feistighthe ann roimhe.

Nuair a chonnaic an rí an dragún agus a crann a teacht bhí fhios aige go maith go níosfhadh an dragún a raibh ann acab' Chuaidh sé go dtí an sean fhear glic agus dubhairt sé leis agus dubhairt sé leis go raibh an dragún agus an crann mór a teacht ag Crochúbhar. "Fuagair air" adeir an sean fhear glic "é chur ar ais sul dhá leighfidh tú níos faide é." Chuaidh an Rí amach. "A Chrochúbhair " adeir sé "cuir ar ais é sin agus tiúbhra mé an chúirt agus chuile áit suas dhuit agus ní bheidh aon mháigistir ort feasta ach thú fhéin." Ní rinne Crochúbhar ach an dragún a sgaoileadh dhen mhaide agus "teirigh san áit a raibh tú cheana" adeir sé. Rinne an dragún a chomhairle. Cheap Crochúbhar gur b'é fhéin an Rí ar fad ansoin ach bhí an Rí ag iarra roinnt comhairle a gconnuidhe agus bhí Crochúbhar a deanamh a chomhairle.

Chuaidh an Rí go dtí an sean fhear glic aríst agus d'iafhraidh sé dhó a raibh cóir bháis a bith le cur ar Chrochubhair. "Níl fhios am" adeir an sean fhear ach tá páirc mhór thíos ag a loch

agus abair leis gur cheart dhó í threabhadh mbliana agus ar ndóigh ní dheachaidh aon duine dhá treabhadh ariamh nar ith an easgan atá sa loch agus bfeidir go níosfadh sí Crochúbhar.” Nuair a dubhairt an Rí le Crochúbhar é thug sé péire caiple leis agus chuaidh sé treabhadh na páirce. Sgearr gur eirigh an easgan agus go dtug sí ceann dhe na caiple léithe. Nuair a shíl sí a dhul san loch “fan ansoin” adeir Crochúbhair no go dtreabhfhadh tú fhéin an pháirc.” Chuir sé isteach faoi’n gcéachta í an aonfheacht leis an gcapall’ Nuair abhí an pháirc treabhtha trathnóna. “Cuirim-se faoi gheasa tú” adeir an easgan “agus faoi mhór dhiomú na bliana gan aon dárna béilí ithe dhe aon mhéis ná aon dárna oíche chodladh ar aon leabaidh go dtuga tú a’msa an fáinne óir atá ag Bainnrioghan Shliabh an Óir.”

Tháinig Crochúbhar abhaile agus é sáthach buadhartha agus beag nar leag sé an chúirt leis an osna a leig sé as. Bhí an sean fhear glic istigh “tá geasa ort a Chrochúbhair” adeir sé. “Tá” adeir Crochúbhar. “Bhí mé ag treabhadh páirce ansoin shíos agus d’eirigh easgan as a loch agus d’ith sí capall orm agus chuir mé í fhéin a treabhadh an áit an chapail. Nuair abhí an pháirc treabhartha trathnóna nuair nach raibh mé i ndon aon pháigh a thabhairt dhi sé’n pháigh a thug sí dhom mé chur faoi gheasa gan aon darna béile ithe dhe aon mhéis ná aon darna oíche a chodla ar aon leabaidh nó go dtuga mé aice an fáinne óir atá ag Bainnrioghan Shliabh an Óir.” “Bhféidir go ndeanfhá na gnaithe a Chrochúbhair” adeir sé. “Tiubhraidh mise bútaisí siúbhail duit agus beidh tú ann gceithre uaire fichead. Agus tiubhraidh mé fáinne dhuit a bhfeicfidh tú chuile rud thríd. Ar maidin a máireach ” adeir sé “ gléasfaidh mise amach tú.” Más moch a d’eirigh an lá is moiche ná sin a d’eirigh Crochúbhar agus ghléas sé amach é fhéin ina chulaith ghaisge chatha agus chruidh chomhraic. Thug sé dhó an fainne agus na bútaisí siubhail. Dubhairt sé leis an fáinne a chur ar a shúil agus go mbeadh bothar deanta ag a bhfáinne chuile áit dó, nach mbeadh an ghaothe fhéin chomh luatha leis.

D’imtigh leis ansoin agus ar maidin lá’r na mhaireach bhí sé teacht isteach sa gcúirt ag Bannrioghan Shliabh an Óir. Nuair a tháing sé isteach aici bhreathnuigh sí air. “Céad míle failte romhat” adeir sí” go manuidh tú” adeir sé. Teastuigheann tusa uainne” adeir sí má tá tú ‘ndon tada a dheanamh dhúinn.” M’anam muise rud a bith nach bhfuil sibh fhéin i ndon a dheana nach bhfuil mise i ndon é dheana” adeir sé. “Bhí muide anseo” adeir sí “comhlódar mór dhiun ann agus ” adeir “shíl muid” adeir sí “ mé fhéin agus a fear abhí am na raibh rud a bith i ndon muid a bhuala i ndraoidheacht.” “Tháinig fathach ainn” adeir sí raibh draoicht aige” adeir sí agus bhí beár(barr) draoict aige” adeir sí nach raibh fhios ainn cé’rd a bhainn chor a bith dhó” adeir sí.” “Agus sin é m’fhear adeir sí “an sean fhear glic. Chuir sé go hÉirinn é ” adeir sí. Agus adeir sí is ingean dom an easgan a chuir na geasa ortsa agus bhí sí pósta ag fear as Éirinn agus sé bhí ina dhragún a’dsa a tarraint na coille. Rinne sé dragún de” adeir sí. Agus an fáinne óir a chuir sí thusa iarra” adeir sí “sin inghean dom sa” adeir sí rinne mé fhéin fáinne óir di faitchios a ndeanfhadh an fathach tada uirthi” adeir sí. “Sí an bhean is breaghtha faoi’n domhan í agus arnú beidh sí a’d” adeir sí. “Tá crann ansoin atá míle ar aoirde adeir sí sgathamh ó’n gcúirt tá cabhar (corr..an chorr sgreachóg) thuas ina bharr” adeir sí agus ubh fúithe agus” adeir sí “ta anam an fhathaigh istigh san ubh sin, agus tá mo mhac” adeir sí “ina dhragún deanta ag a bhfathach de agus é curtha faoi bhun an chrainn aige agus é cuirte faoi gheasa aige gan aon duine leigeann in aice leis a gcrann gan ithe.

Sgarr go dtiochfheidh an fathach isteach anois” adeir sí. Níl aon droicht faoi’n domhan i ndan aon bhlas a dheanamh ortsa. Agus nuair a thiocthas sé isteach tabhair droch bhualadh dhó agus nuair nach bhféudfaidh sé aon bhlas a dheanamh ort ansoin cuirfidh sé faoi gheasa thú an ubh a thabhairt aige agus deanfaidh mise fionnóg ansoin díot agus gabhfaidh tú i mbarr an chrainn agus cuirfidh tú an chorr den ubh agus tiúbraidh tú an ubh leat.” Ní mórán achair go dtáinig an fathach isteach “fú fá fiasóg” adeir sé “fághain balaith an Éireannach bhréagach bhradach is mór liom dhe ghreim thú agus is beag liom dhe dhá ghreim thú.” Rug sé ar Chrochúbhair agus shíl sé é chaitheadh uaidh agus má shíl fhéin chuir Crochúbhair seacht niomaire agus seacht nacra uaidh é. Má chuir fhéin shiubhail sé go mín réidh socair ar ais ag a gcúirt aríst. “Cuirim se faoi gheasa thú adeir sé agus faoi mhór dhiomú na bliana an ubh atá ar bharr a chrainn atá míle ar aoirde a thabhairt agam.” “Bféidir go ndeanfadh muid é sin fhéin dhuit amáireach” adeir Crochbhúir. “Beidh mise dhul dhon domhan soir amáireach adeir sé “chomh fada soir is tá le dhul a’m” adeir sé agus bíodh an ubh sin a’d dhom nuair a thiocthas mé” adeir sé. “Beidh ” adeir Crochúbhair. Ní raibh an fathach a ceapadh go mbeadh baoghal a bith air an ubh a bheith aige bhí sé ceapadh go bé nós a mbeadh sé ithte roimhe. Ar maidin lá’r na mháireach nuair d’imigh an fathach bhuail sise buille den tslaitín draoicacht ar Chrochúbhair agus rinne sí fionnóg de. “Eirigh suas san aér adeir sí agus teara anuas díreach as cionn an chrainn mar dá bhfeicfeadh an dragún thú d’eirigheóchadh sé agus shluigfeadh sé thú. Beidh faitchios ag an gcorr romhat agus tóugfidh sí a sciathán agus ansoin tabhair an ubh leat.”

D’eirigh sé san aér agus tháinig sé anuas ar a gcrann agus thóg an chorr a sgiathán agus seiseann an ubh leis. Tháinig sé ar ais ag a gcúirt agus bhuail sise buille dhen tslaitín dhroieachta air agus rinne sí fear de. Nuair a rinne ar a bpointe boise bhí an fathach a teacht aige agus mar gheall ar an tanam a bheith i ngar dó bhí sé a bruith agus bhí a chuid éudaigh bainnte dhe síos go dtí na bhásta. Bhuail Crochúbhair an ubh air ar an mball dóráin abhí faoi na chí dheas agus rinne sé spéice dhe. Chuaidh an bhean ansoin agus rinne sí fear den dragún abhí faoi bhun a chrainn agus an chorr abhí ar bharr an chrainn bí máthair na mná í agus tháinig an corr anuas agus rinne sí bean di, agus rinne sí bean dhen fháinne –an bhean ba bhreaghtha abhí sa domhan agus pósadh í fhéin agus Crochúbhair.

An sean fhear glic abhí in Éirinn bhí fhios aige ar a bpointe go raibh an fathach marbh agus thog sé fhéin a shlaitín dhraoidheachta agus rinne sé bean den easgan agus fear den dragún, ansoin tháinig sé fhéin ar ais go Sliabh an Óir. Tháinig Crochúbhair abhaile go dtí na mhathair agus go dtí an Rí mór agus thug sé a bhean leis.

Chuaidh siad san an átha agus chuaidh mise an Clochán, báthadh iad san agus tháinig mise. Níor thug siad dhomsa ach stocaí páipéir agus bróga bainne reamhar, buan is leath phinghinn airgid. D’ól mé tigh Crochúbhair a’ Crochúbhair é i gCathair Muinis, bhí an coileach a rith orm agus dá mbeireadh an chearc orm ní fhágfadh sí deóir ionam.

10/2/35

Ceartuithe 8/5/1935 S.Mac Giollarnáth.